European Parliament
2014-2019

TEXTS ADOPTED

P8_TA(2018)0178

Úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Aibreán 2018 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/101/CE (COM(2016)0450 – C8-0265/2016 – 2016/0208(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0450),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 50 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0265/2016),

– ag féachaint do thuairim an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlíthiúil atá beartaithe,

– ag féachaint d'Airteagail 294(3) agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 12 Deireadh Fómhair 2016[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an19 Deireadh Fómhair 2016[2],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 20 Nollaig 2017 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, de réir Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

---

1 IO C 459, 9.12.2016, lch. 3.
2 IO C 34, 2.2.2017, lch. 121.

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 39 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do phléití comhpháirteacha an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile faoi Riail 55 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A8-0056/2017),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P8_TC1-COD(2016)0208

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 19 Aibreán 2018 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoraeachta a chosc, agus lena leasaítear Treoracha 2009/138/CE agus 2013/36/AE

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2018/843).